

| | |
|---|--|
| <p style="text-align: center;">Feidhmeannacht na Seirbhíse sláinte – Limistéar an Iarthair</p> <p style="text-align: center;">Dréacht Scéim Teanga 2003 - 2007 Faoi alt 11 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003</p> | <p style="text-align: center;">HSE West –Language Scheme</p> <p style="text-align: center;">2003 –2007 Under Section 11 of the Official Languages Act</p> |
| <p>Clár Caibidil 1 Réamhrá agus cúlra</p> <p>1.1 Treoirínte d’ullmhú na Scéime 1.2 Ábhar na Scéime Teanga 1.3 Dáta tosaigh na scéime 1.4 Forléargas ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte –Limistéar an Iarthair 1.5. Mandáid agus misean 1.6 Custaiméirí agus cliaint 1.7 Réimsí Feidhme na Feidhmeannachta 1.8 Measúnú ar a mhéid is atá seirbhísí ar fáil cheana trí Ghaeilge</p> <p>Caibidil 2 Sóláthar Seirbhísí/ Gníomhaíochtaí Ginearálta an Fheidhmeannacht seo</p> <p>2.1 Bealaí cumarsáide leis an bPobal/eolas don Phobal 2.2 Seirbhísí go h-iomlán dátheangach 2.3 Fógraí ó bhéal</p> <p>Caibidil 3 Achoimre ar na seirbhísí/ ar na gníomhaíochtaí a sholáthraíonn an Fheidhmeannacht</p> <p>3.1 Réamhrá</p> | <p>Chapter 1 Introduction and Background</p> <p>1.1 Guidelines on preparing a Scheme 1.2 Content of Scheme 1.3 Commencement date of Scheme 1.4 Overview of Health Service Executive – West 1.5 Mandate and mission 1.6 Customers and clients 1.7 Functional remit of Board 1.8 Assesment of services currently available in Irish</p> <p>Chapter 2 Service provision/general activities of the HSE West</p> <p>1.1 Communicating with the public/information for the public 1.2 Services fully bilingual 1.3 Oral announcements</p> <p>Chapter 3 Summary of the services/activities provided by the HSE West</p> |

- 3.1.1. Liosta de na h-oifigí a oibríonn trí Ghaeilge
- 3.1.2. Liosta de na h-oifigí a oibríonn go dátheangach
- 3.1.3. Liosta de na h-oifigí a oibríonn trí Bhéarla amháin

Caibidil 4

Feabhas ar sheirbhísí a sholáthrófar go dátheangach

- 4.1 Cúlra
- 4.2 Earcú agus Socrúchán
- 4.3 Cúram othair sna h-ospidéal
- 4.4 Deacrachtaí a bhí / a bhíonn ag cainteoirí Gaeilge ag clárú sna h-ospidéal
- 4.5 Aonad Riaracháin Gaeilge ar leith
- 4.6 Cigireacht Réamhscolaíochta
- 4.7 Cothú Sláinte
- 4.8 Meabharshláinte
- 4.9 Teiripé teanga
- 4.10 Comhfhreagras Scríofa
- 4.11 Teicneolaíocht an Eolais agus seirbhísí idirghníomhacha
- 4.12 Oiliúnt agus forbairt na foirne
- 4.13 Na Meáin / Preas Ráitis
- 4.14 Oifigí sa nGaeltacht
- 4.15 An tSeirbhís Altrachta Pobail
- 4.16 An fhoireann Céad Cúraim sa nGaeltacht
- 4.17 Logainmneacha Gaeltachta
- 4.18 Polasaí maidir le cruinnithe poiblí
- 4.19 Cruinnithe poiblí taobh amuigh den Gaeltacht
- 4.20 Cruinnithe eile

Caibidil 5

Faireachán agus athbhreithniú

Caibidil 6

Poiblíocht na scéime comhaontaithe

3. Introduction

- 3.1.1. List of offices operating in Irish
- 3.1.2 List of offices operating bilingually
- 3.1.3 List of offices operating through English only

Chapter 4

Improvements on services provided bilingually

- 4.1 Background
- 4.2 Recruitment and Placement
- 4.3 Patient care in the hospitals
- 4.4 Difficulty experienced by Irish speakers at admissions in Hospitals
- 4.5 Dedicated Administrative Irish Unit
- 4.6 Preschool Inspections
- 4.7 Health Promotion
- 4.8 Mental Health
- 4.9 Speech and Language Therapy
- 4.10 Written Communication
- 4.11 Information technology and interactive services on the internet
- 4.12 Recruitment and Development
- 4.13 The Media / Press Releases
- 4.14 Gaeltacht Offices
- 4.15 Community services
- 4.16 The Primary Care Team in the Gaeltacht
- 4.17 Gaeltacht Placenames
- 4.18 Public meetings Policy
- 4.19 Meetings held outside the Gaeltacht
- 4.20 Non-public meetings

Chapter 5

Monitoring and review

Chapter 6

Publicising of agreed scheme

Caibidil 1

Réamhrá agus cúlra

D'ullmhaigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte – limistéar an Iarthair an scéim seo faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (“an tAcht”)

Forálann Alt 11 d'ullmhú scéim reachtúil ag comhlachtaí poiblí ag tabhairt mionsonraí faoi na seirbhísí a sholáthróidh siad

- Trí mheán na Gaeilge
- Trí mheán an Bhéarla
- Trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

Agus na bearta a ghlacfar lena chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach bhfuiltear á soláthar trí mheán na Gaeilge a sholáthar taobh istigh de thréimhse ama comhaontaithe.

1.1 Ag ullmhú na Scéime

Cuireadh an scéim seo i dtoll a chéile de réir Treoirínte faoi Alt 12, a d'eisigh an Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte – Limistéar an Iarthair i mí Meán Fómhair 2004.

D'fhógair an Fheidhmeannacht go raibh sé ar intinn aici scéim agus ullmhú faoi Alt 13 i mí na Nollag 2004 agus thug cuireadh don phobal aighneachtaí a chur faoina bráid. Is féidir na h-aighneachtaí seo a fheiceáil ar shuíomh na Feidhmeannachta ag www.whb.ie Phléigh an bord an scéim le pobal na Gaeltachta i nGaillimh agus i Maigh Eo chomh maith leis an bpobal go ginearálta trí phróiseas grúpaí fócais (6) agus ceistneoir a scaipeadh ar

Chapter 1

Introduction and Background

This Scheme was prepared by the HSE West under Section 11 of the Official Languages Act 2003

Section 11 provides for the preparation by public bodies of a statutory scheme detailing the services they will provide:
Through the medium of Irish
Through the medium of English, and
Through the medium of Irish and English

And the measures to be adopted to ensure that any service not provided by the body through the medium of the Irish language will be so provided within an agreed timeframe.

1.1 Preparation of the Scheme

This Scheme has been drawn up in accordance with the Guidelines under Section 12 of the Official Languages Act 2003 which were issued to the Western Health Board by the Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs in September 2004

The Western Health Board published a notice under Section 13 in December 2004 inviting submissions in relation to preparation of the draft scheme under Section 11 from any interested parties. All submissions are on the HSE West website at www.whb.ie.

The Board also consulted with the Gaeltacht communities in Galway and Mayo as well as Irish speakers in the rest of the region in 6 focus groups. and carried out a random

| | |
|--|--|
| <p>1000 áitritheoir Gaeltachta. Le 2 bhliain anuas, tá an bord ag obair lámh ar lámh le baill foirne éagsúla faoi sheirbhísí sláinte a chur ar fáil i rogha teanga phobal labhartha na Gaeilge sa réigiún</p> | <p>sample of 1000 Gaeltacht residents by means of a postal questionnaire. Over the past 2 years, the Board has been working with various members of staff regarding the provision of a health service, which would recognise the language choice of the Irish speaking community in the region.</p> |
| <p>1.2 Ábhar na Scéime Teanga Tógann an scéim seo ar an obair a rinne /atá á dhéanamh ag cuid d'fhoireann na Feidhmeannachta le blianta ó thaobh seirbhísí sláinte a chur ar fáil trí Ghaeilge do phobal na Gaeltachta agus do Ghaeilgeoirí san Iarthar. Aithnítear na réimsí le feabhas a chur amach anseo ar an seirbhís a sholáthraíonn an Fheidhmeannacht i gcorp na scéime D'ullmhaigh Foireann Tionscnaimh ar a raibh ionadaíocht ó na Cláir Seirbhísí Dianchúraim, Pobail, Meabharshláinte, Acmhainní Daonna agus Gnóthaí Corparáideacha i gcomhar le foirne in ionaid éagsúla sa limistéar, an scéim seo. Is faoin Oifig Réigiúnach nua agus faoin Rannóg Corparáideacha a bheidh an cúram, feidmiú, monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an scéim seo. Gealltar sa scéim go measfar leibhéal an éilimh ar bhonn leanúnach chun a chinntiú go bhfreastalóidh an FSS –Iarthar ar an éileamh seo ar bhealach pleanáilte, struchtúrtha agus inrochtana mar go nglacann an FSS leis, nach bhfuil aon tomhas déanta ar an éileamh do sheirbhísí trí Ghaeilge agus nach fios cad é.</p> | <p>1.2 The content of the Language Scheme The scheme also seeks to support and build upon the work various members of staff have done in the past, especially staff from the Gaeltacht areas for the advancement of the HSE services in Irish in the future are identified in the body of the scheme.</p> <p>A Project Team comprising representative from the Acute, Community, Mental Health & Older People, Human Resources and the Corporate service areas of the HSE West, liaising with staff in various locations in the area has assisted in drafting the scheme. Responsibility for implementing, monitoring and reviewing this scheme will rest with Corporate Affairs and the Executive Team. The scheme also includes a commitment to assess the level of demand for services in Irish, on an ongoing basis and to ensure that the HSE West will meet this demand in a planned, structured and accessible way. The HSE West will gauge the level of demand for its services in Irish and accepts that this demand is currently unmeasured, unseen and not known due to a lack of availability of many services in the Irish language.</p> |
| <p>1.3 Dáta tosaigh na scéime Tá an scéim seo deimhnithe ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Cuirfear tús leis an scéim le h-éifeacht ó 1 Meán Fómhair 2005 agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse de 3 bliana ón data sin nó</p> | <p>1.3 Commencement date of the scheme This scheme has been confirmed by the Minister of Community Rural and Gaeltacht Affairs. This scheme commences with effect from 1 September 2005 and shall remain in force for a period of 3 years from this date or until such time as a new scheme has been</p> |

| | |
|---|---|
| <p>go dtí go mbeidh scéim nua deimhnithe ag an Aire de bhua Alt 15 den Acht, cibé acu is túsce.</p> <p>1.4 Forléargas ar FSS – limistéar an Iarthair</p> <p>Cuireann FSS – Iarthar seirbhísí sláinte dianchúraim, pobail agus meabharshláinte ar fáil I gContaethe na Gaillimhe, Mhaigh Eo agus Ros Comáin</p> <p>Ráiteas Misean</p> <p>Is é misean na Feidhmeannachta seo ná an leibhéal sláinte is airde insroichte a chothú don uile dhuine inár gceantar feidhmiúcháin” Seo mar a thabharfaidh an Fheidhmeannacht faoina misean</p> <ul style="list-style-type: none"> • Cur chun cinn na sláinte a thabhairt ar aghaidh agus Galair a chosc • Seirbhísí den chéad scoth a sholáthar a mbeidh fáil ag gach uile dhuine orthu • Na hacmhainní a chuirtear ar fáil dúinn a úsáid le héifeachtúlacht chostais • Trí dul i gcomhar lena fhoireann dúthrachtach oibre agus trí mhianach gach duine díobh a fhorbairt <p>I measc na seirbhísí a chuireann an fheidhmeannacht ar fáil tá</p> <ul style="list-style-type: none"> • Seirbhísí ospidéil • Ospidéil pobail • Seirbhísí ban glúine • Meabharshláinte • Seirbhísí do dhaoine le míchumas foghlama • Cothú sláinte • Seirbhísí do na scoileanna • Seirbhísí fisiteiripe | <p>confirmed by the Minister pursuant to Section 15 of the Act, whichever is the earlier.</p> <p>1.4 Overview of the HSE west</p> <p>The HSE West provides Acute, Community and Mental Health Services within Counties Galway, Mayo and Roscommon.</p> <p>Mission Statement</p> <p>"The Mission of the Western Health Board is to promote the highest attainable level of health for all persons in its functional area."</p> <p>The Board will pursue this aim through:</p> <ul style="list-style-type: none"> • The advancement of health promotion and disease prevention • The provision of high quality services accessible to all • The cost effective use of allocated resources • The involvement of its dedicated staff and the development of each person's potential. <p>Among the services the HSE west provides are</p> <ul style="list-style-type: none"> • Acute Hospital Services • Community Hospital Services • Midwifery services • Mental Health services • Learning Disability services • Health Education and Promotion • School Health services • Physiotherapy services • Occupational therapy |
|---|---|

| | |
|---|--|
| <ul style="list-style-type: none"> • Seirbhísí teiripe saothair • Seirbhísí teiripe Urlabhra agus cainte • Seirbhísí pobail ar Leith do ghasúir • Altraí pobail • Cúram maolaitheach <p>Cuireann an FSS –Iarthair seirbhísí ar fáil do cheantar mhór tíreolaíochta ina bhfuil daonra scaipthe. Tá an pobal labhartha Gaeilge is mó sa stáit sa réigiún seo. De réir daonáireamh 2002, úsáideann 45,332, os cionn 3 bliana d'aois an Ghaeilge go laethúil sa réigiún atá faoi scáth FSS –Iarthair</p> <p>Tá sé de pholasaí ag an bhFSS – Iarthair, , gur cainteoirí líofa Gaeilge a cheapfar i ngach post sa Ghaeltacht chomh maith le go leor foirne le Gaeilge líofa a cheapadh taobh amuigh den Ghaeltacht. Ach, níl agus ní bheidh sé éasca é seo a bhaint amach, go háirithe i gcás speisialtachtaí atá gann.</p> <p>Leanfaidh an FSS –Iarthair ag comhoibriú le institiúidí oideachasúla agus gairmiúla ar mhaithe leis an scéal seo a leigheas. Cuirfidh FSS –Iarthair in iúl do na h-institiúidí cuí céard iad na riachtanaisí atá aige ó thaobh altraí dhátheanagacha nó foireann cúraim eile chun go mbeidh sé in ann freastal ar na h-othair sa teanga is ansa leo .</p> <p>Ní mór a lua áfach, go mbrathfaidh feidhmiú na scéime seo ar an bhfoireann uilig sa bhFSS.</p> <p>Cuireann an FSS – Iarthair fáilte roimh Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus déanfaidh sé chuile iarracht cloí le treoirlínte agus comhairle na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta chun an scéim a fheidhmiú</p> | <p>services</p> <ul style="list-style-type: none"> • Speech and Language Therapy services • Specialist community services for children • Community nursing • Palliative care services <p>The HSE West provides services to a large geographical and sparsely populated area. The area also has the largest Irish speaking community in the state. According to the 2002 census, 45,332 people aged 3 years and over, from a total population of 179,869 people aged 3 years and over, use Irish daily in the HSE west region.</p> <p>It is HSE West policy that all appointments in Gaeltacht areas as well as sufficient staff outside the Gaeltacht will be fluent Irish speakers. However, in scarce specialities, this is, and will be difficult to achieve.</p> <p>It is the HSE West intention to continue to work with educational and professional establishments to improve this situation. In discussing training, the HSE West, will indicate its requirements to the appropriate bodies with regard to the numbers of bilingual nurses or care associated personnel it estimates are required to provide treatment to the patients in their language of choice. <i>It must be stressed that the most important factor in the successful implementation of any scheme is an acceptance of it and a commitment to it by all members of staff.</i></p> <p>The HSE West welcomes the Official Languages Act, and will, to the best of its abilities, endeavour to follow the guidelines and advice issued by the Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs on its implementation.</p> |
|---|--|

| | |
|---|--|
| <p>1.4.1 Custaiméirí agus cliaint Na pobail sa réigiún seo Pobal na Gaeltachta i nGaillimh agus i Maigh Eo agus Gaeilgeoirí ar fud an Iarthar. Ranna Stáit agus áisíneachtaí stáit Na páirtneirí sóisialta Na boird forbartha contae Na meáin náisiunta agus áitiúla Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte An Roinn Sláinte agus Leanaí Na h-eagraíochtaí Gaeilge</p> <p>1.4.2 Na h-ionaid uilig a thagann faoi scáth na Scéime seo Tá liosta de na h-ionaid uilig ar fáil in Aguisín 1</p> <p>1.4.3 Measúnú ar a mhéid is atá seirbhísí ar fáil cheana trí Ghaeilge Is é príomhaidhm an Achta a chinntiú go mbeidh seirbhísí poiblí ar fáil níos fairsinge trí Ghaeilge agus go mbeidh caighdeán níos airde ag baint leo. <i>Ba mhaith leis an bhFSS –Iarthar aitheantas a thabhairt don tsáriarracht a rinne cuid den fhoireann, agus go h-áirithe an fhoireann ón nGaeltacht a chuireann agus a chuir seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge le blianta.</i></p> <p>Caibidil 2 Soláthar seirbhísí/ Gníomhaíochtaí ginearálta</p> <p>2.1 Bealaí cumarsáide leis an bpobal/ Eolas don Phobal Cuirtear cumarsáid na Feidhmeannachta leis an bpobal i gcoitinne maidir leis na seirbhísí atá ar fáil ,i mBéarla den chuid is mó</p> | <p>1.4.1 Customers and clients The communities throughout the West area The Gaeltacht communities of Galway and Mayo and Irish speakers throughout the West area Government Departments and other state agencies Social partners and sectoral interests The County Development Board structures National and local media The Health Service Executive Department of Health and Children Irish language organisations</p> <p>1.4.2 List of offices/service points covered by the scheme, including all Gaeltacht offices Appendix 1</p> <p>1.4.3 Assessment of extent to which services are already available through Irish The primary objective of the Act is to ensure better availability and a higher standard of public services in Irish.</p> <p><i>The HSE West acknowledges the enormous contribution of some of its staff, especially those from the Gaeltacht who have provided services in Irish over the years.</i></p> <p>Chapter 2 Service provision/general activities</p> <p>2.1 Communicating with the public Communications with the public is done mainly through English. A certain amount directed at the Gaeltacht is done in Irish only, or bilingually including Brochures and information leaflets</p> |
|---|--|

| | |
|--|---|
| <p>Cuirtear méid áirithe ar fáil i nGaeilge amháin sa nGaeltacht nó go dátheangach, lena n-áirítear bróisiúir agus bileoga eolais foirmeacha eolais foilseacháin preas-ráitis láithreáin gréasáin</p> <p>2.2 Seirbhísí go h-iomlán dátheangach Is é polasaí na Feidhmeannachta seo go mbeadh na seirbhísí seo a leanas go hiomlán dátheangach trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla feadh gach rannóg de chuid an Fheidhmeannacht;- an láithreáin gréasáin bileoga eolais agus foirmeacha iarratais cártaí leighis, aisíocaíochtaí drugaí agus na cártaí aitheantais a ghabhann leo san áireamh– go hiomlán dátheangach agus laistigh den chlúdach céanna ach amháin na heisceachtaí seo a leanas foirmeacha móra mionsonraí de chineál teicniúil. Tosóidh an obair seo ó Mheán Fómhair 2005.</p> <p>2.3 Fógraí ó bhéal</p> <p>(1) Is é polasaí an Fheidhmeannacht oibriú i dtreo a chinntiú go mbeidh gach fógra réamhthairseáil ó bhéal do chustaiméirí I nGaeilge amháin nó i nGaeilge agus i mBéarla. Bainfear an chuspóir sin amach faoi dheireadh na scéime reatha.</p> <p>(2) Is i mBéarla amháin a fheidhmíonn ár gcóras láimhseála teileafóin. Tá sé i gceist áfach an tseirbhís a thairiscint sa dá theanga oifigiúil. Bainfear an cuspóir sin amach faoi dheireadh na scéime reatha. Féadfaidh comhaltaí aonair foirne, ar ndóigh, teachtaireachtaí a fhágáil i cibé teanga is rogha leo.</p> <p>(3) Is é/í an fáilteoir/oibríteoir malartáin an chéad pointí teagmhála a bhíonn leis an bpobal. Is é gnáthchleachtas na Seirbhíse ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí ná</p> | <p>Application forms Publications Press releases Website</p> <p>2.2 Services fully bilingual The HSE West's policy is that the following services are provided fully bilingually, through the medium of Irish and English, across all departments of the HSE West ;- Website information leaflets and Application forms , including medical card applications, drugs repayments and the ID cards that accompany these.– fully bilingual and within the same cover, with the following exceptions Large and detailed application forms of a technical nature. This will commence in September 2005</p> <p>2.3 Oral announcements</p> <p>(1) It is the policy of the HSE West to work towards ensuring that all pre-recorded oral announcements to our customers shall be in the Irish language, or in the English and Irish languages. This objective will be achieved by the end of the current scheme</p> <p>(2) The current computerised handling system operates in the English language only. However it is intended to offer this service in both official languages. This objective will be achieved by the end of the current scheme Individual staff members, of course, can leave messages in the (single) language of their choice</p> <p>(3) Receptionists /switchboard operator are the first point of contact with the public. Standard QCS practice is that Reception/ switchboard staff are able to give the name of the HSE West in Irish They are at least familiar with the basic</p> |
|--|---|

Go mbeadh an fhoireann fháiltithe ábalta ainm na Feidhmeannachta a thabhairt i nGaeilge agus i mBéarla
Go mbeadh cleachtadh acu ar a laghad ar na bunbheannachtaí i nGaeilge, agus socruithe oiriúnacha bunaithe le go mbeidh siad in ann daoine as an bpobal a chur i dteagmháil gan mhoill le cibé oifig nó oifigigh atá freagrach as a tseirbhís a bhítear a lorg trí Ghaeilge. Cuirfear an polasaí seo i bfeidhm ar bhealach céimnithe ó thús 2006

Caibidil 3 Coimriú ar sheirbhísí/ ar ghníomhaíochtaí

Seirbhísí atá ar fail i nGaeilge/ go dhátheangach

Altraí Pobail í nGaeltacht na Gaillimhe

Na Forbacha/An Spidéal,
An Tulach,
An Cheathrú Rua,
Leitir Mór,
Ros Muc,
Carna,
Inis Mór,
Inis Meáin,
Inis Oírr

Oifigigh leasa shóisialaigh

An Cheathrú Rua/Na h-oileáin/Oileáin Árann
Carna, Cill Chiaráin, Ros Muc, Caiseal, Dúiche Sheoigheach

Oibrí sóisialta – Conamara/oileáin Árann

Oifigeach Timpeallachta – Gaeltacht na Gaillimhe

Seirbhísí Cúraim Baile – Gaeltacht na Gaillimhe

Comhdhálacha Teaghlaigh – Cuireann an Comhordaitheoir i nGaillimh an tseirbhís ar fáil sa trí chontae.

Oifigeach Eolais Cosaint Leanaí - . Tá seirbhís trí Ghaeilge ar fail ón oifig i nGaillimh Tá Oiliúint i gCosaint Leanaí á chur

greetings in Irish, and suitable arrangements are in place so that they can put members of the public in touch without delay with whatever office or officer is responsible for offering the services required through Irish. This policy will be implemented incrementally from the beginning of 2006.

Chapter 3 Summary of Services /activities

List of services available in Irish / bilingually
Public Health Nurses servicing the following :

An Spidéal /na Forbacha
Tulach
An Cheathrú Rua
Leir Mór
Ros Muc
Carna/Cill Chiaráin
Inis Mór
Inis Meáin
Inis Thiar

Community Welfare Officers –

An Cheathrú Rua/Na h-oileáin/Oileáin Árann
Carna, Cill Chiaráin, Ros Muc, Caiseal, Dúiche Sheoigheach

Social Worker – Conamara/Aran Islands

Environmental Health Officer Galway
Gaeltacht

Home Help – Galway Gaeltacht

Family Conferences are being provided by the coordinator based in Galway in the 3 counties.

Children First Information Officer – A service in Irish is available from this office. Child Protection Training courses in Irish are ongoing in the HSE West as well as in other

| | |
|--|--|
| <p>ar fáil i gceantar an bhFSS Iarthar chomh maith le ceantracha eile de chuid an FSS, agus go h-áirithe na réigiúin a bhfuil Gaeltachtaí faoina scáth</p> <p>Teiripé Urlabhra agus Cainte – Tá an seirbhís seo ar fáil ó ionaid sláinte Leitir Móir / An Cheathrú Rua. Cuirtear seirbhís trí Ghaeilge ar fáil ar oileáin Árann 4 lá sa mbliain</p> <p>Fisió –teiripé _ deisceart Chonamara</p> <p>Foireann Áras Mac Dara, An Cheathrú Rua – Seirbhís altrachta, feighlithe 'srl</p> <p>Buaile Cheoinín (daoine le míchumas) - Seirbhís altrachta, feighlithe 'srl</p> <p>Otharcharr na Ceathrún Ruaidhe – seirbhís trí Gaeilge</p> <p>Ionad Sláinte – Leitir Mór, Carna, Cill Chiaráin, Ros Muc, Camus, An Cheathrú Rua</p> <p>Dochtúr na gCos – tá an tseirbhís seo ar fáil i nGaeltacht Thuaisceart Mhaigh Eo.</p> <p>Dochtúirí Teaglaigh sa Ghaeltacht Tuigeann FSS Iarthar go bhfuil dualgas ar leith air go mbeidh teacht ar sheirbhísí iomlán agus cuimsitheach Dochtúireachta Teaglaigh trí Ghaeilge sa Ghaeltacht agus geallann sé , ó thus na scéime seo, eolas cruinn a chuir ar fáil maidir le rochtain agus leibhéal na seirbhísí seo trí Ghaeilge, san áit is giorra dóibh. Beidh an t-eolas seo ar fáil ach iarratas a dhéanamh chuig an Oifig Réigiúnach, FSS, Gaillimh. Tabharfar gach deis do dhochtúirí atá ag obair sa Ghaeltacht, líofacht Ghaeilge a bhaint amach , le go mbeidh ar a gcumas tuilleadh seirbhísí trí Ghaeilge a chur ar fáil, thar thréimhse feidhme na scéime seo</p> <p>Beidh na riachtanais teanga ar leith a</p> | <p>HSE areas, especially those with Gaeltacht under their wing.</p> <p>Speech and Language Therapy. One SLT Therapist currently provides this service in Irish from An Cheathrú Rua/Leitir Móir health centres.. All service in Irish is provided on the Aran islands 4 days a year</p> <p>Physiotherapy through Irish – Conamara Áras Mac Dara, An Cheathrú Rua – Nursing and care assistants service in Irish</p> <p>Buaile Cheoinín (disability) Nursing and care assistants service in Irish</p> <p>Ambulance base , An Cheathrú Rua – EMT service in Irish</p> <p>Health Centres Leitir Móir, Carna, Cill Chiaráin, Ros Muc, Camus, An Cheathrú Rua</p> <p>Chiropodist service in Irish is available in the north Mayo Gaeltacht</p> <p>GP Services in the Gaeltachtaí of Galway and Mayo The HSE (Western Region) recognises its specific obligation to provide access to a full and comprehensive GP services in Irish in Gaeltacht areas and undertakes from the commencement of the scheme to provide accurate information in relation to the level and availability of such services in Irish in the nearest proximity to them. This information will be provided by the Regional Office HSE Galway on foot of individual requests.</p> <p>The HSE recognises that the current capability of individual GPs in the Gaeltacht to provide services through Irish varies greatly from full and comprehensive services in Irish in a limited number of cases, to a partial or non-availability of services in Irish in other cases.</p> <p>Over the course of the scheme, provisions will be made for Gaeltacht based GP's to increase their fluency in Irish in order to increase the level of services provided in that language.</p> |
|--|--|

| | |
|--|--|
| <p>ghabhann leis an tseirbhís dochtúireachta teaghlaigh sa Ghaeltacht san áireamh i ngach ceapachán a dhéanfar mar dhochtúr teaghlaigh feasta</p> <p><i>De bhrí go gcuireannr an FSS seirbhísí ar fáil lá agus oíche – seirbhísí éigeandála ‘srl ní féidir a chinntiú go mbeidh seirbhís trí Ghaeilge ar fáil de bharr a laghad foirne le Gaeilge líofa atá againn. Cuireann altraí agus baill foirne eile ón nGaeltacht agus cainteoirí Gaeilge eile, seirbhís trí Ghaeilge ar fáil san aonad A&E agus ar na bardaí</i></p> <p>Seirbhísí i mBéarla amháin Seachas an tseirbhís theoranta atá ar fáil i nGaeltacht na Gaillimhe agus i Maigh Eo, is trí Bhéarla a chuirtear na seirbhísí sláinte ar fáil</p> <p>Caibidil 4 Feabhas ar sheirbhísí a sholáthrófar go dá theangach 4.1 Cúlra Tá an fheidhmeannacht tiománta lion leordhóthanach foirne a bheidh inniúil seirbhísí trí Ghaeilge a chur ar fáil a bheith i ngach rannóg sa bhFeidhmeannacht</p> <p>Is é an chéad chéim a chaithfear a dhéanamh ná forbairt sheasta ar sheirbhís custaméirí duine le duine d’ardchaighdeán i nGaeilge i ngach réimse seirbhíse de chuid na Feidhmeannachta</p> <p>Ghlac an FSS –Iarthar leis an Ráiteas Polasaí seo i mí Márta 2005 maidir le soláthar seirbhísí sláinte trí Ghaeilge Beidh gach forbairt sa toadhchaí fréamhaithe</p> | <p>The specific language requirements associated with the provision of GP services in the Gaeltacht will be a feature of all future GP appointments</p> <p>As the HSE provides services outside normal working hours – 24/7 e.g. emergency services, A&E etc., this poses a challenge regarding services in Irish as staff resources with fluent Irish are limited. Fluent Irish speakers – nurses and other staff are based in A&E, and in various hospital wards and provide services in Irish</p> <p>Services in English only The vast majority of the HSE West’s services are provided in the English language only</p> <p>Chapter 4 Improving the services provided bilingually 4.1 Background The HSE West is committed to having enough staff competent in Irish in all departments</p> <p>The first step will involve a permanent development of a high quality one to one customer service in Irish in all the HSE services</p> <p>The HSE West adopted the following 5 principles regarding health service provision in Irish in March 2005</p> |
|--|--|

sna cúig phrionsabail seo

- Meas a bheith ar na roghanna atá ag cainteoirí Gaeilge a úsáideann na seirbhísí cúraim shóisialta agus sláinte
- Aitheantas a thabhairt go bhfuil cead ag daoine a rogha teanga a úsáid agus iad i mbun cumarsáide le foireann na Feidhmeannachta agus le gairmeoirí cúram sláinte eile
- Glacadh leis go bhfuil daoine in ann iad féin agus a gcuid mothúchán, agus a bhfadhbanna sláinte a chur in iúl níos fearr ina dteanga féin
- Admháil go bhféadfadh seirbhísí easnamhacha Gaeilge cur as do rochtain ar sheirbhísí cúraim sláinte agus do chaighdeán na seirbhísí sin i gcás thomhaltóirí agus othair a labhrann Gaeilge
- Tuiscint gur deachleachtas é go mbeadh rogha ceart á thabhairt do dhaoine maidir le húsáid teanga sna seirbhísí sláinte agus go mbeidh sláinte níos fearr mar thoradh air.

Polasaithe agus cleachtais nua

Measfar an tionchar teanga nuair a bheidh polasaithe agus beartais nua á n-ullmhú. Beidh na polasaithe agus na beartais nua ag teacht lena bhfuil sa scéim seo agus cothófar, seirbhís dhátéangach, chun prionsabal an chothromais a bhaint amach i gcónaí

Beidh na beartais sa scéim seo le cur i bhfeidhm i bpolasaithe agus i mbeartais nua nuair a bheidh siad á fheidhmiú agus is faoi na bainisteoirí a bhfuil freagracht na bpolasaithe agus na mbeartais nua orthu a bheidh sé a chinntiú go gcuirfear impleachtaí teanga na bpolasaithe agus na mbeartais seo san áireamh

Ag cur na seirbhísí ar fáil

Glactar go forleathan leis, go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeadh othair agus a

This statement of policy will form all future developments

- Respect for the preferences of Irish language users of health and social care services
- Recognition that people have the right to choose which language to use when communicating with HSE staff and health care professionals
- Acceptance that a person can express their identity, feelings and health problems more effectively in their chosen first language
- Acknowledgement that inadequate Irish language-based services can negatively affect access to, and quality of, health care for Irish speaking consumers and patients
- Appreciation that giving people real choice regarding the use of language in the health service is the essence of good practice and leads to better health outcomes.

New policies and procedures

When new policies and initiatives are being formulated, the linguistic consequences will be assessed. New policies and initiatives will be consistent with the measures contained in the scheme and will, promote a bilingual service, which will move the organisation closer to implementing the principle of equality at every opportunity.

Measures contained in this scheme are to be applied to new policies and initiatives when they are implemented, and managers responsible for new policies and procedures will be responsible for ensuring that the language implications of these policies or procedures are considered. This will be fulfilled as a part of the HSE west normal management structure

Delivery of service

It is generally recognised as being of great

ngaolta ábalta cumarsáid chruinn a dhéanamh leis an lucht leighis. Ó tharla go bhfuil pobal mór san Iarthar a úsáideann an Ghaeilge go laethúil, déanfaidh an FSS gach iarracht deis a thabhairt do gach othar, a ngaolta agus an pobal trí chéile a rogha teanga féin , pé acu Gaeilge nó Béarla, a úsáid agus iad ag déileáil leis an Seirbhís Sláinte

Déanfaidh an FSS Iarthar gach iarracht seirbhísí sláinte a chur ar fáil sa teanga is ansa leis an othar(nó an pobal) thar an réimse iomlán teagmhála nuair is féidir gan aon iachall a chur ar an othar iarratas ar leith a dhéanamh chuige.

4.2 Earcú agus Socrúchán.

Brathann cúram sláinte d'ardchaighdeán go mór ar roghnú foirne. Scrúdóidh Bainisteoirí agus an Rannóg Achmhainní Daonna na poist ó thaobh inniúlacht sa Ghaeilge agus sa Bhéarla a bheith ag teastáil agus ullmhóidh siad straitéis leis na poist seo a líonadh le daoine a bhfuil inniúlacht sa dátheanga acu.

Comhlíonfaidh an FSS na bearta seo a leanas lena chinntiú go nearcófar go leor foirne a mbeidh líofacht Ghaeilge acu lena chinntiú go gcomhlíonfar forálacha an Achta

- **Polasaí agus cleachtais earcaíochta do chuile fholúntas i nGaeltacht Mhaigh Eo agus na Gaillimhe...**(I bhfeidhm ó Meán Fómhair 2004)

Aithníonn FSS Iarthar go bhfuil inniúlacht do dhualgais a chomhlíonadh trí Ghaeilge riachtanach do gach fostaí atá ag obair le daoine ón nGaeltacht/sa Gaeltacht. Cinnteofar go gcuirfidh an FSS Iarthar seirbhís sláinte ar fáil a bheidh pobalbhunaithe agus cóir agus a ghlacfaidh leis go bhfuil cainteoirí Gaeilge in ann iad féin a

importance that patients and their relatives are able to communicate freely with those providing treatment and care. Given the linguistic pattern of the West, the HSE will strive to ensure that all patients, relatives and members of the public are able to use their preferred language with reference to their dealings with the Health Service, whether this is Irish or English.

The HSE West is committed to offering services in the language of choice across the whole spectrum of contact with the patient (or any other member of the public) without the need for the patient to make a specific or exceptional request for it.

4.2 Recruitment and placement

The selection of staff is one of the most important factors in ensuring a high standard of healthcare. Managers and the Human Resources departments will consider which posts require the use of Irish and English to be essential and will develop a strategy to fill these posts with bilingual persons.

The HSE West, will implement the following, in order to ensure that it has an adequate number of staff proficient to provide services in Irish.

The HSE West has established two categories for recruiting new members of staff

- **Recruitment policy and procedure for all vacancies in the Galway and Mayo Gaeltacht (since September 2004)**

The HSE West recognises that proficiency to carry out ones duties through the medium of Irish is a requirement for all employees working in, with people from the Gaeltacht. Recruitment of people with proficiency in Irish will ensure that the HSE West can deliver a health service in Irish, which is people centred and fair, and accepts that Irish speakers can best express themselves in their native and first language Irish, when dealing with the WHB.

chur in iúl níos fearr ina dteanga dhúchais agus a gcéadteanga, An Ghaeilge, má earcaítear foireann a bhfuil líofacht Gaeilge acu.

Fógrófar gach folúntas i nGaeilge ar na páipéir nuachta Gaeilge agus/ nó go dátheangach ar pháipéir nuachta eile. Iúafar go sonrach ar gach fógra go bhfuil líofacht sa Ghaeilge ina cháilíocht riachtanach don phost. Beidh na foirmeacha iarratais i nGaeilge agus i mBéarla. Reachtálfar na h-agallaimh do na folúntais Gaeltachta i nGaeilge agus/nó i nGaeilge agus i mBéarla. Sa chás nach mbeidh an FSS in ann boird agallaimh a chur le chéile atá líofa i nGaeilge, reachtálfar scrúdú béil Gaeilge ar a mbeidh bord agallaimh de thiúr.

Ceapacháin sa chuid eile den réigiún

Is mar seo a leanas a shocrófar an mbeidh líofacht Gaeilge riachtanach do na poist seo

- (a) Pé acu a mbeidh an té atá sa phost i dteagmháil go rialta le h-othair/leis an bpobal ar mian leo labhairt i nGaeilge
- (b) Pé acu a mbeidh teagmháil díreach ag an té atá sa phost le h-othair/leis an bpobal trí chéile
- (c) Pé acu an mbeadh sé dodhéanta ag an té atá sa phost a d(h)ualgaisí a chomhlíonadh gan cumas labhartha Gaeilge a bheith aige/aici.

ag tosú ó Eanáir 2006

Tá FSS –Iarthar tiománta a h-acmhainní foirne a mhéadú ar mhaithe le cur lena seirbhísí sláinte trí Ghaeilge agus déanfaidh sí gach iarracht cainteoirí Gaeilge a mhealladh i dtreo gairmeacha sa bhFSS –

All vacancies will be advertised in Irish on Irish medium newspapers and /or in English/Irish on other newspapers. It will be stated clearly on the ad that a proficiency in Irish is a necessary qualification for the post. Application forms for the posts will be in Irish and English.

The interview boards for all positions in the Gaeltacht will be conducted in Irish and/ or in Irish and in English.

In the event of the board being unable to field an Irishspeaking interview board, a board of 3 people will hold a separate oral Irish interview.

Appointments to posts in the rest of the area,

